



An Roinn Oideachais
Department of Education

Meastóireacht ar Chianteagasc agus ar Chianfhoghlaim Treoir

An tAonad Tacaíochta um Mheastóireacht agus Taighde (ESRU)
An Chigireacht. Márta 2021

Réamhrá

Léirigh na srianta sláinte poiblí ónar tharla dúnadh scoileanna i mí an Mhárta 2020 an géarghá scoileanna a bheith aclaí maidir le soláthar a dhéanamh do leanúnachas teagaisc agus foghlama sa todhchaí. Mar bheart teagmhasach don fhéidearthacht go dtarlódh dúnadh scoileanna i bpáirt nó go hiomlán arís, chuir an Roinn dhá dhoiciméad treorach ar fáil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, a aontaíodh leis na comhpháirtithe oideachais, le cur ar chumas scoileanna an curaclam a idirghabháil go sábháilte do gach dalta/scoláire i dtimpeallacht chianfhoghlama. Eisíodh na hábhair treorach sin chuig scoileanna agus lárionaid oideachais de réir mar a foilsíodh iad agus tá siad ar fáil ag:

Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gComhthéacs COVID-19: Meán Fómhair – Nollaig 2020 ([Do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta](#))

Treoir maidir le Teagasc agus Foghlaim ó chian i gComhthéacs COVID-19 (D'iar-bhunscoileanna agus lárionaid oideachais)

Tá na doiciméid seo comhlánaithe ag Ciorclán 0074/2020 a d'éiligh ar gach scoil bearta teagmhasacha cuí a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn siad ullamh le leanúint de thacaíocht a thabhairt don teagasc agus don fhoghlaim má tharlaíonn dúnadh scoileanna i bpáirt nó go hiomlán.

Réasúnaíocht do mheastóireacht an chianteachais agus na cianfhoghlama

Ó mhí an Mhárta 2020, tá daltaí agus scoláirí ag foghlaim i raon comhthéacsanna - ar an láthair i scoileanna agus go cianda sa bhaile. I gcomhthéacs atá chomh hathraitheach agus chomh guagach, tá sé tábhachtach go ndéanaimid gach rud lena chinntiú go mbíonn an teagasc agus an fhoghlaim chomh héifeachtach agus is féidir, cibé an mbíonn daltaí/scoláirí ag freastal ar scoil nó ag foghlaim go cianda.

Tá cleachtais sheanbhunaithe ag an gCigireacht don mheastóireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc trí ghníomhaíochtaí cigireachta ar an láthair i scoileanna agus trí shuirbhéanna ar dhaltaí/scoláirí agus ar thuismitheoirí. Ar an dóigh chéanna, tá scoileanna forbartha ag a lán scoileanna don fhéinmheastóireacht ar an soláthar atá acu dá ndaltaí/scoláirí le linn ranganna aghaidh ar aghaidh sa scoil.

Tá na heispéiris is déanaí tar éis léiriú a thabhairt ar an tslí inar tharla oiriúnuithe agus athruithe suntasacha ar nádúr an teagaisc. Ceann de na gnéithe is suntasaí den athrú sin ná an tslí ina ndearna scoileanna pleanáil d'úsáid na dteicneolaíochtaí agus inar tharla uasoiliúint chun eispéiris agus gairis teicneolaíochta foghlama a úsáid d'fhonn an

curaclam a phleanáil agus a idirghabháil i gcomhthéacsanna ó lá go lá ar an láthair mar aon le comhthéacsanna teagmhasacha na cianfhoghlama.

Dhírigh taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn tréimhse dúnta scoileanna anuraidh béim ar an tslí ina mbíonn tionchar éagsúil ar leanaí agus ar dhaoine óga nuair is gá dóibh foghlaim i gcomhthéacs cianfhoghlama. Eascraíonn ceisteanna do scoileanna agus go deimhin don Chigireacht faoin tslí is fearr le teagasc agus foghlaim a mhonatóiriú, a mheas agus a thacú i dtimpeallacht na cianfhoghlama agus faoin tslí inar féidir a chinntiú, ina leithéid de chomhthéacsanna, go gcuirtear ar chumas gach linbh agus duine óg dul chun cinn agus bláthú ina bhfoghlaim agus ina bhforbairt i gcoitinne.

Mar bhonn le forbairt samhla na cianmheastóireachta tá tiomantas le cinntiú go dtacófar le foghlaim agus folláine gach linbh agus duine óg nuair a bhíonn an curaclam á idirghabháil i dtimpeallacht chianda, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus/nó luathfhágála scoile.

Ag obair i gcomhpháirt le pobail scoileanna

Bhí an Chigireacht go mór san airdeall faoin ngá a bhain le bheith ag obair i gcomhar le scoileanna agus le páirtithe leasmhara oideachais ar bhonn níos leithne chun an tsamhail chigireachta seo a fhorbairt/a chomhchruthú. Aithnítear go mbíonn scoileanna géarchúiseach maidir le cuir chuige mhaithe i leith na meastóireachta a dhearadh agus go méadaítear éifeachtacht iomlán na samhla meastóireachta má thagtar chuig scoileanna le ceisteanna comhroinnte seachas le réitigh. Nuair a ghlactar cur chuige comhoibritheach i leith forbairt samhla éiríonn le cigirí tuiscint níos doimhne a fháil ar a bhfuil á mheas acu agus ar an dearcadh atá ar a gcuid oibre.

Dá bhrí sin, ó mhí na Bealtaine 2020 i leith, d'oibrigh Cigireacht na Roinne i gcomhar le scoileanna chun bealaí dea-bhunaithe agus praiticiúla a fhorbairt le meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht sholáthar an chianoideachais. Bhí an Chigireacht gafa le dhá thréimhse taighde le pobail scoileanna agus rinneadh an tsamhail a thriail thar dhá thréimhse eile agus í ag iarraidh tuiscint a fháil ar na heispéiris a bhí ag scoileanna nuair a bhí cianteachas agus cianfhoghlaim á sholáthar acu.

Go lárnach sa chur chuige comhoibritheach seo tugann an Chigireacht le chéile dearchtaí príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí, leanaí agus daoine óga mar bhonn eolais do bhreithiúnais faoi cháilíocht. Cruthaíonn sé seo, mar aon le breathnóireacht na gcigirí ar shampla gníomhaíochtaí cianfhoghlama agus idirphlé gairmiúil na gcigirí le múinteoirí agus ceannairí scoile, an cumas cáilíocht soláthar an chianoideachais a mheas, eiseamláirí dea-chleachtais a scaipeadh, agus cáilíocht mheastóireachtaí na Cigireachta agus féinmheastóireachtaí na scoileanna araon a shaibhriú.

Aidhmeanna na samhla

Is iad aidhmeanna na samhla meastóireachta seo ná:

- Tacú le leanúnachas teagaisc agus foghlama do dhaltai/scoláirí i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna, i scoileanna speisialta agus i lárionaid oideachais
- Muinín an phobail sa chóras oideachais a chothú agus a chothabháil le linn tréimhsí ina mbíonn scoileanna dúnta go hiomlán nó i bpáirt
- Cur le rannpháirtíocht chomhairleach agus mheastóireachta na Cigireachta le linn tréimhsí ina mbíonn scoileanna dúnta go hiomlán nó i bpáirt
- Bailiú sonraí scoil-shonrach, ar bhonn náisiúnta, a chumasú tuilleadh maidir leis an tslí ina mbíonn scoileanna gafa le leanaí agus daoine óga chun tacú leo agus iad ag foghlaim
- Níos mó tacaíochta a sholáthar don fheabhsú scoile ó thaobh soláthar an chianteachais agus na cianfhoghlama trí chomhairle saincheaptha, comhthéacs-fogair a sholáthar do scoileanna a bheidh mar chomhlánú agus mar thaca don fhéinmheastóireacht scoile
- Tacaíocht chomhairleach comhthéacs-thiomáinte agus fíor-ama a sholáthar do scoileanna atá ag streachailt leis an gcianfhoghlaim
- Tacú le nuálaíocht agus athrú dearfach maidir leis an tslí ina ndéantar an curaclam a idirghabháil i gcomhthéacsanna cianda.

An Creat Meastóireachta

Tá an creat meastóireachta bunaithe ar *Ag Breathnú ar an Scoil Againne*. Tá dóthain solúbthachta sa chreat chun freastal ar chomhthéacsanna éagsúla cianteachais agus cianfhoghlama i scoileanna agus is féidir é a úsáid i gcomhthéacsanna an tsoláthair chianda agus i gcomhthéacsanna ina mbíonn meascán den soláthar cianda agus den fhoghlaim chumaisc ann don teagasc agus don fhoghlaim. Bhí rannpháirtíocht na Cigireachta le scoileanna mar bhonn eolais de réir mar a bhí a modhanna meastóireachta don chianteachas agus don chianfhoghlaim á bhforbairt.

Seo mar atá an creat:

Réimse	Caighdeán
Torthaí foghlaimeoirí	Baineann daltaí/scoláirí taitneamh as a bhfoghlaim, tá siad spreagtha chun foghlama agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimeoirí.
Eispéiris foghlaimeoirí	Glacann na daltaí/scoláirí páirt go tairbheach i ngníomhaíochtaí foghlama bríocha
Cleachtas aonair múinteoirí	Roghnaíonn agus úsáideann múinteoirí cleachtais phleanála, ullmhúcháin agus mheasúnaithe a chuireann an fhoghlaim chun cinn
Comhchleachtas múinteoirí	Oibríonn múinteoirí le chéile chun deiseanna foghlama a chruthú ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de
Ceannaireacht teagasc agus foghlama	Cuireann ceannairí scoile cultúr d'fheabhsú, comhoibriú, nuálaíocht agus cruthaitheacht san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú chun cinn.

Tá sé phríomhcheist bainteach le cianteachas agus cianfhoghlaim gach leanbh agus duine óg mar bhonn leis an gcreat agus na ceisteanna seo bunaithe ar na riachtanais a chur an Roinn in iúl do scoileanna ar an 8 Eanáir 2021.

- An éascaíonn an scoil teagmháil rialta idir daltaí/scoláirí agus a múinteoirí?
- An mbíonn teagasc díreach an mhúinteora agus dáileadh tascanna foghlama neamhspleácha i gceist le rannpháirtíocht múinteora-foghlaimeora?
- An bhfuil na deiseanna foghlama a chuireann an scoil ar fáil oiriúnach agus tarraingteach do gach foghlaimeoir?
- An bhfuil tascanna foghlama ailínithe le riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus an dtacaíonn siad le cianfhoghlaim ar ardchaighdeán?
- An soláthraíonn na múinteoirí aiseolas dhá bhealach go rialta idir múinteoirí agus foghlaimeoirí agus, más cuí, idir múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí?
- An bhfuil múinteoirí oideachas speisialta (MOSanna) gafa leis na daltaí/scoláirí ar a gcás-ualach agus an bhfuil múinteoirí ranga/ábhair ag idirdhealú sa teagasc agus sa bhfoghlaim de réir na riachtanas atá ag a ndaltaí/scoláirí?

Na Gníomhaíochtaí Cigireachta

ROIMH NA MEASTÓIREACHT	Gníomhaíocht na Cigireachta	<ul style="list-style-type: none"> Fógra a thabhairt don scoil Rannpháirtíochtaí atá le tarlú le linn na cuairte cigireachta a leagan amach Iad seo a éileamh <ul style="list-style-type: none"> An Ráiteas um Chumhdach Leanaí Plean Digiteach na Scoile Amchlár don chianteagasc agus don chianfhoghlaim Iad seo a chur ar aghaidh <ul style="list-style-type: none"> Naisc agus treoracha do na suirbhéanna Foirm theagmhála na scoile Foirm thoilithe scoláirí (Iar-bhunscoileanna amháin) Foirm thoilithe tuismitheoirí (Iar-bhunscoileanna amháin)
	Gníomhaíocht na Scoile	<ul style="list-style-type: none"> An fhoirm teagmhála scoile a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an gciogaire Naisc suirbhéanna a dháileadh ar thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí Na socruithe praiticiúla is gá a dhéanamh don ghníomhaíocht cigireachta mar atá leagtha amach thíos
LE LINN NA MEASTÓIREACHTA	Gníomhaíocht na Cigireachta	<p>Athbhreithniú:</p> <ul style="list-style-type: none"> An Ráiteas um Chosaint Leanaí Plean Digiteach na Scoile Amchlár don chianteagasc agus don chianfhoghlaim Sonraí na suirbhéanna Raon acmhainní teagaisc, foghlama agus measúnaithe
		<p>Teagmháil le:</p> <ul style="list-style-type: none"> Príomhoide na Scoile / An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí Grúpa teagaisc Múinteoirí aonair Scoláirí (Iar-bhunscoileanna amháin)
		<p>Breathnóireacht:</p> <ul style="list-style-type: none"> Gníomhaíochtaí Teagaisc / Foghlama agus measúnaithe <p>Seiceálacha um Chosaint Leanaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> Seiceálacha leibhéal a haon leasaithe ar chosaint leanaí a dhéanamh <p>Aiseolas:</p> <ul style="list-style-type: none"> Aiseolas a sholáthar don phríomhoide ag deireadh na cuairte
I ndiaidh na Meastóireachta	Gníomhaíocht na Cigireachta	<ul style="list-style-type: none"> Dréacht-tuairisc a ullmhú Sonraí an tsuirbhé a chur aghaidh chuig an scoil An tuairisc a phróiseáil go céimeanna Dearbhú Fíricí agus Freagairt Scoile An tuairisc a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais
	Gníomhaíocht na Scoile	<ul style="list-style-type: none"> Freagairt don tuairisc de réir mar is cuí ag na céimeanna Dearbhú Fíricí agus Freagairt Scoile

Na Chéad Chéimeanna Eile

Fáiltíonn an Chigireacht roimh aiseolas ar an Treoir don Chianteagasc agus don Chianfhoghlaim roimh 14 Bealtaine 2021.

Críochnófar an Treoir don Chianteagasc agus don Chianfhoghlaim ansin agus cuirfear í faoi bhráid an Aire Oideachais don fhaomhadh de réir Alt 13(9) den *Acht Oideachais 1998*.

A luaithe a bhíonn an faomhadh tugtha, foilseofar an Treoir agus déanfar í a scaipeadh ar scoileanna.

Nuair a bhíonn sí curtha i bhfeidhm, déanfar an Treoir a athbhreithniú tar éis bliana dá cur i bhfeidhm.

Áireofar aon chur chuige leasaithe i leith cigireachta, ag baint leas as ár bhfoghlaim ó fhorbairt na samhla seo, sa chéad eagrán eile den *Treoir don Chigireacht i mBunscoileanna* agus *Treoir don Chigireacht in Iar-Bhunscoileanna*.